Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**11347/24**

**COH 41**
**SOC 488**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 18 Meitheamh 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10655/24 |
| Ábhar: | Teachtaireacht maidir leis an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú - Conclúidí ón gComhairle (an 18 Meitheamh 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht i ndáil leis an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú, a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta/Comhtháthú) ag an 4034ú cruinniú a bhí aici an 18 Meitheamh 2024.

**Conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an Teachtaireacht maidir leis an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

(1) Dearbhaíonn sí GUR DÍOL SÁSAIMH di an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú mar athbhreithniú luachmhar ar ról an bheartais chomhtháthaithe mar chobhsaitheoir eacnamaíoch a chuireann le cóineasú aníos agus le lánpháirtiú na hEorpa, go háirithe le linn 30 bliain den Mhargadh Aonair Eorpach agus 20 bliain tar éis mhéadú 2004, chomh maith leis an anailís sa Tuarascáil ar an méid a chuireann an beartas comhtháthaithe le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais Eorpaigh, ar bhonn na sonraí is cothroime le dáta atá ar fáil;

(2) AITHNÍONN SÍ go dtagann an Tuarascáil ag am straitéiseach, agus chuireann sí leis an machnamh ar an gcaoi a bhféadfaí dearadh agus cur chun feidhme an bheartais chomhtháthaithe a threisiú agus a fheabhsú a thuilleadh;

(3) MEABHRAÍONN SÍ gurb é an beartas comhtháthaithe príomhionstraim an Aontais le haghaidh infheistíocht fhadtéarmach agus réigiúnach agus gur spreagadh é don chlaochlú struchtúrach, lena gcumasaítear réitigh shaincheaptha a fhorbairt agus a chur in úsáid ar an leibhéal is gaire is féidir do shaoránaigh agus do ghnólachtaí;

(4) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cuid lárnach den tionscadal Eorpach é an beartas comhtháthaithe a rannchuidíonn le héagothromaíochtaí idir na réigiúin éagsúla ó thaobh forbartha de a laghdú agus le freagairt dá ndúshláin, agus é mar chuspóir ginearálta forbairt chomhchuí fhoriomlán an Aontais a chur chun cinn;

**Tá ag éirí go maith leis an mbeartas comhtháthaithe…**

(5) TUGANN SÍ DÁ hAIRE na torthaí sa 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú maidir leis na treochtaí fadtéarmacha seo a leanas a tugadh faoi deara le blianta fada anuas, tréimhse ar lena linn a tharla cóineasú suntasach eacnamaíoch agus sóisialta aníos in go leor áiteanna san Aontas, a bhuí le tacaíocht ón mbeartas comhtháthaithe:

- Neartaíonn an beartas comhtháthaithe an Margadh Aonair agus cuireann sé le cothrom na Féinne, agus tá ról tábhachtach aige maidir le Ballstáit nua a chomhtháthú sa Mhargadh Aonair, rud a ligeann do na réigiúin uile tairbhe a bhaint as;

- Tá méadú suntasach tagtha ar an meán-OTI per capita sna Ballstáit a tháinig isteach san Aontas in 2004 agus ina dhiaidh sin, arna spreagadh ag méadú ar tháirgiúlacht i réigiúin bheagfhorbartha;

- Tá ról lárnach ag an mbeartas maidir le tacú le hinfheistíocht phoiblí agus le hinfheistíocht phríobháideach a ghiaráil, agus gineann sé luach breise agus cruthú post, rud a chuireann le hiomaíochas agus fás táirgiúlachta an Aontais;

- Tá méadú tagtha ar nascacht, tá feabhas tagtha ar nuálaíocht agus ar fhiontraíocht, agus treisíodh an caipiteal daonna trí mhéadú ginearálta ar an leibhéal oideachais agus méadú mór ar rannpháirtíocht daoine fásta san oideachas agus san oiliúint;

- Le tacaíocht ghníomhach an bheartais chomhtháthaithe, tháinig laghdú ar éagothromaíochtaí i rátaí fostaíochta agus bochtaineachta idir réigiúin, tháinig feabhas foriomlán ar tháscairí fostaíochta agus sóisialta agus tháinig rátaí dífhostaíochta le chéile;

- Chuir an beartas comhtháthaithe freisin le feabhas a chur ar acmhainneacht riaracháin agus ar dhea-rialachas sna Ballstáit, trí thacaíocht a thabhairt do raon leathan inniúlachtaí agus d'éifeachtúlacht riaracháin;

- A bhuí le slógadh tapa a chuid acmhainní, bhí ról tábhachtach ag an mbeartas comhtháthaithe maidir le tionchair neamhshiméadracha na ngéarchéimeanna a bhí ann le déanaí a mhaolú agus réitigh sé an bealach do théarnamh láidir tapa, go háirithe i réigiúin leochaileacha;

**… ach tá baol ann go dtiocfaidh méadú ar éagothromaíochtaí i ngeall ar dhúshláin struchtúracha agus ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn**

(6) MEABHRAÍONN SÍ na dúshláin reatha agus na dúshláin atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear an t-aistriú glas agus agus an t-aistriú digiteach, an t-athrú aeráide agus na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann leis, an imirce, an méadú ar an iomaíocht dhomhanda agus an gá atá le hiomaíochas an Aontais, nascacht, uathriail straitéiseach an Aontais agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna, agus an éagobhsaíocht gheopholaitiúil ag teorainneacha seachtracha an Aontais, agus aird ar leith á tabhairt ar na Ballstáit agus na réigiúin is mó atá thíos le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, go háirithe na réigiúin atá ar theorainn na Rúise agus na Bealarúise agus na réigiúin atá ar theorainn na hÚcráine;

(7) DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL IMNÍ DI na dúshláin dhéimeagrafacha a chuireann tuilleadh brú ar bhuiséid phoiblí agus a chuireann le ganntanas scileanna agus lucht saothair, chomh maith le dúshláin i margadh an tsaothair, mar shampla dífhostaíocht i measc na hóige agus an baol a bhaineann le sáinn na forbartha tallainne; AITHNÍONN SÍ go mbíonn tionchar níos tromchúisí ag na dúshláin sin ar limistéir thuaithe, ar réigiúin iargúlta agus ar réigiúin atá neamhchosanta ar bhuan-mhíbhuntáistí nádúrtha géara, ar réigiúin iad a bhíonn thíos le dídhaonrú agus imirce daoine oilte, chomh maith le réigiúin uirbeacha i ngeall ar an gcomhchruinniú gníomhaíochta agus daonra i limistéir mhóra uirbeacha; sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM freisin ar a thábhachtaí atá samhail forbartha polalárnaí, lena gcuirtear le naisc idir réigiúin uirbeacha agus thuaithe;

(8) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil éagothromaíochtaí móra socheacnamaíocha ann i gcónaí, agus go bhfuil an líon réigiúin ar a dtéann dúshláin struchtúracha agus dúshláin atá ag teacht chun cinn i bhfeidhm ag dul i méid agus DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL IMNÍ DI éagothromaíocht an chóineasaithe ar fud an Aontais, go háirithe laistigh de Bhallstáit agus de réigiúin agus, de réir a chéile, go bhfágann dúshláin struchtúracha agus tionchar neamhshiméadrach suaití eacnamaíocha, chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus géarchéimeanna go mbíonn éagsúlacht, marbhántacht eacnamaíoch, meath, sáinn forbartha nó baol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta ann do shaoránaigh in go leor réigiúin;

(9) TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin go mbeidh impleachtaí ag aon mhéaduithe a dhéanfar amach anseo ar an mbeartas comhtháthaithe;

(10) LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus ar na hábhair imní sin ar bhealach cuimsitheach cothrom lena n-áiritheofar nach bhfágfar aon duine ar lár; AONTAÍONN SÍ le tátal an Choimisiúin go bhféadfadh dúshláin struchtúracha agus dúshláin atá ag teacht chun cinn éagothromaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus críochacha a mhéadú mura dtabharfar aghaidh orthu;

**An beartas comhtháite: beartas atá ag teacht chun cinn, ag foghlaim ó thaithí an bheartais sin agus ó thaithí ionstraimí eile**

(11) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar bhealaí iomchuí don bheartas comhtháthaithe a bheidh ann tar éis 2027 chun tacaíocht shaincheaptha a thabhairt do réigiúin chun na dúshláin sin a bhainistiú go rathúil, agus béim ar leith á leagan ar na dúshláin ghlasa, dhigiteacha, thionsclaíocha agus dhéimeagrafacha agus ar na leibhéil éagsúla forbartha socheacnamaíche, agus taithí na tréimhse reatha á cur san áireamh;

(12) CUIREANN SÍ IN IÚL go bhfuil an beartas comhtháthaithe ar cheann de na huirlisí is tábhachtaí chun forbairt a chothú i réigiúin uile na hEorpa, go háirithe i réigiúin a bhfuil dúshláin struchtúracha leanúnacha le sárú acu, lena n-áirítear réigiúin bheagfhorbartha, agus gur mórbheartas infheistíochta de chuid an Aontais é, ar cheart dó leanúint de thacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí atá riachtanach don chóineasú, aghaidh a thabhairt ar ghaistí forbartha agus deiseanna fáis a chruthú do réigiúin agus dá saoránaigh;

(13) ATHDHEARBHAÍONN SÍ nach mór an beartas comhtháthaithe, ar beartas áitbhunaithe é a bhfuil bainistíocht chomhroinnte mar bhonn taca leis, a chur in oiriúint do riachtanais, dúshláin shonracha agus leochaileachtaí na réigiún agus nach mór rannpháirtíocht agus ionstraimí críochacha a neartú ag an am céanna, agus a chur ar chumas na réigiún na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe is ábhartha a dhéanamh ar an leibhéal is iomchuí; AITHNÍONN SÍ ról méadaithe an bheartais comhtháthaithe maidir le rannchuidiú leis an Seimeastar Eorpach;

(14) MEABHRAÍONN SÍ bunphrionsabail Airteagal 174 CFAE, lena gcuirtear forbairt chomhchuí réigiúin an Aontais chun cinn agus lena dtugtar aird ar leith ar limistéir shonracha;

(15) MEABHRAÍONN SÍ staid shóisialta agus eacnamaíoch struchtúrach na réigiún is forimeallaí, mar a aithnítear in Airteagal 349 CFAE iad, agus nach mór don bheartas comhtháthaithe na deacrachtaí forbartha atá acu a fhreagairt agus tacú lena lánpháirtiú réigiúnach;

(16) MEABHRAÍONN SÍ gur gá gné chríochach a chomhtháthú a thuilleadh i mbeartais an Aontais chun comhleanúnachas ghníomhaíochtaí an Aontais a threisiú; IARRANN SÍ feasacht ghinearálta maidir le comhtháthú a neartú i mbeartais agus i dtionscnaimh an Aontais, agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le comhlántachtaí agus sineirgí idir an beartas comhtháthaithe agus beartais agus tionscnaimh ábhartha eile, lena n-áirítear ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, ó chéim a ndeartha ar aghaidh;

(17) LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé simpliú a dhéanamh ar an mbeartas comhtháthaithe do thairbhithe agus d'údaráis na gclár (go háirithe trí fhorbairt a dhéanamh ar na bearta simpliúcháin, lena n-áirítear maoiniú nach bhfuil nasctha le costais ná le roghanna costais simplithe), agus na staideanna iarbhír i réigiúin agus i mBallstáit éagsúla an Aontais a chur san áireamh ag céimeanna an deartha agus an chur chun feidhme tráth a bheidh na bearta simpliúcháin sin á sainaithint, chun éifeachtacht agus cineál spriocdhírithe an bheartais comhtháthaithe a mhéadú;

(18) MEABHRAÍONN SÍ an gá atá le comhchuibhiú agus comhréireacht na rialuithe agus na n-iniúchtaí, agus ardchaighdeáin á gcoinneáil ag an am céanna chun an chalaois agus an t-éilliú a chosc agus a chomhrac ar gach leibhéal; MEABHRAÍONN SÍ, chomh maith, gur gá cur i bhfeidhm phrionsabal na hiniúchóireachta aonair a neartú;

(19) LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé leas airgeadais an Aontais a chosaint, i bhfianaise an Rialacháin maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint;

(20) AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá dea-rialachas agus fothú acmhainneachta chun aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar na riachtanais riaracháin ar leibhéal na mBallstát, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá dea-rialachas, institiúidí láidre, urraim don smacht reachta agus cumas láidir riaracháin chun an beartas comhtháthaithe a cheapadh agus a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach éifeachtúil;

(21) LEAGANN SÍ BÉIM ar ról an bheartais comhtháthaithe chun an Margadh Aonair a neartú a thuilleadh trí mhíchothromaíochtaí idir réigiúin a laghdú, fás a chothú agus nuálaíocht a chur chun cinn;

(22) AITHNÍONN SÍ an méid a rannchuidíonn Interreg chun forbairt chríochach níos cothroime a bhaint amach trí chomhar níos fearr ar fud na réigiún agus an gá atá le comhar feabhsaithe thar theorainneacha, go háirithe feadh slabhraí luacha idir-réigiúnacha agus bonneagar inbhuanaithe trasnáisiúnta chun déileáil leis an aistriú;

(23) LEAGANN SÍ BÉIM ar an deis machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir an beartas comhtháthaithe a bhunú a thuilleadh ar an bhfeidhmíocht d'fhonn feabhas a chur ar an éifeachtúlacht, agus an méid sin á dhéanamh ar bhonn taithí an bheartais féin agus na gceachtanna a foghlaimíodh ó ionstraimí eile de chuid an Aontais; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé cinntí a dhéanamh bunaithe ar mheastóireachtaí láidre beartais, agus a n-impleachtaí oibríochtúla á gcur san áireamh, go háirithe maidir le córais iniúchóireachta agus rialaithe;

(24) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tograí a fhorbairt darb aidhm an beartas comhtháthaithe a oiriúnú i gcomhréir lena ról mar chreat fadtéarmach don fhorbairt réigiúnach, a bheith mar bhonn taca le samhail fáis an Aontais, forbairt a dhéanamh ar a láidreachtaí sainiúla – bainistíocht chomhroinnte, rialachas il-leibhéil, cur chuige áitbhunaithe agus prionsabal na comhpháirtíochta – agus é á chur san áireamh ag an am céanna go bhfuil túsphointí, riachtanais agus cumais éagsúla ag réigiúin éagsúla, agus gur cheart dóibh conairí éagsúla forbartha a ghlacadh i dtaobh claochluithe atá ar siúl faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo; DEARBHAÍONN SÍ GO bhFUIL SÍ AG SÚIL leis na tograí a fháil le haghaidh an chéad phacáiste reachtach eile tráth nach déanaí ná mí Iúil 2025, tar éis thogra CAI i gcomhréir leis an spriocdháta a leagtar síos i rialachán CAI.